



Chuig: **Luathfhoghlaim, soláthraithe seirbhíse cúraim leanaí agus scoileanna**  
(le roinnt le tuismitheoirí, caomhnóirí agus baill foirne)

Ó: **An Dr Éamonn O'Moore, Stiúrthóir Cosanta Náisiúnta Sláinte. An tSeirbhís Náisiúnta um Chosaint Sláinte.**

**An Dr Lucy Jessop, Comhairleoir sa Leigheas Sláinte Poiblí - Ceannaire Náisiúnta Imdhíonta - An Oifig Náisiúnta Imdhíonta**

Dáta: 18/01/2023

Maidir le: **NUA Clinicí Siúil isteach Vacsaíne Fliú do Pháistí idir 2-17 bliain d'aois an tseachtain seo**

Ba mhian linn ár mbuíochas a chur in iúl do scoileanna as an tacaíocht a thugtar do dháileadh na dteachtaireachtaí riachtanacha seo agus buíochas a léiriú do dhaltaí, tuismitheoirí agus caomhnóirí agus an pobal scoile uile as a gcuid iarrachtaí comhairle sláinte poiblí a leanúint.

### **Is féidir le gach páiste idir na blianta 2-17 d'aois an vacsaín fliú saor in aisce a fháil**

Tá an vacsaín fliú sróine fós ar fáil in Éirinn do pháistí idir na blianta 2-17 d'aois. Níl aon ghá le hinstealladh mar gur riartar é mar sprae sróine. Is bealach saor sábháilte, éasca agus saor ó phian é chun cabhrú le páistí a chosaint ar an bhfliú an geimhreadh seo.

Cabhróidh an vacsaín fliú freisin le scaipeadh an fhliú a laghdú do dhaoine eile ar nós siblíní, tuismitheoirí, múinteoirí atá i mbaol mór deacrachtaí fliú (m.sh. torrach nó riochtaí sláinte fadtéarmacha) agus seantuismitheoirí.

### **Clinicí Vacsaínithe Fliú Breise**

Tá clinicí breise vacsaínithe fliú siúil isteach curtha ar bun ag FSS do gach páiste idir na blianta 2-17 d'aois.

Tá sé seo mar fhreagra ar líon an dá chás fliú a bheith ag ardú i bpáistí chomh maith leis an líon suntasach leanaí atá san ospidéal leis an bhfliú an geimhreadh seo agus rátaí vacsaínithe an-íseal.

Tá roinnt ionad vacsaínithe pobail ar fud na tíre anois ag tairiscint clinicí vacsaínithe fliú siúil isteach do gach páiste idir na blianta 2-17 d'aois. Ní gá aon choinne a dhéanamh agus tá an vacsaín ar fáil gan chostas. Tá sceideal iomlán na gclinicí ar fáil ar [hse.ie/flu](http://hse.ie/flu)

Tá an vacsaín ar fáil freisin ó dhochtúirí teaghlaigh agus cógaiseoirí rannpháirteacha. Is féidir le tuismitheoirí sonraí a fháil maidir le cógaslanna a thairgeann vacsaíniú ina gceantar ag baint úsáid as an uirlis aimsitheora cógaisíochta ar [hse.ie/flu](http://hse.ie/flu)

Níl an vacsaín fliú spraeála sróine ar fáil ach go dtí Dé Luain, an 23 Eanáir. Tar éis an dáta seo, ní bheidh ach leanaí a bhfuil riochtaí leighis orthu a chuireann i mbaol tinneas tromchúiseach ón bhfliú iad in ann vacsaín fliú a fháil tugtha mar instealladh.

### **Is féidir leis an bhfliú a bheith tromchúiseach i bpáistí**

Tá a dhá oiread seans ann go bhfaighidh páistí an fliú le daoine fásta. Cé go mbeidh siomptóim éadroma ar fhorhór na bpáistí a fhaigheann an fliú, is féidir le roinnt leanaí deacrachtaí a fháil ar nós niúmóine nó broincíteas agus b'fhéidir go mbeadh orthu dul chuig an ospidéal. Is mó seans freisin go bhfaighidh páistí, go háirithe páistí níos óige, ná daoine fásta deacrachtaí móra fliú.

D'fhéadfadh an fliú a bheith ina chúis le tinneas tromchúiseach i leanaí, agus is iad leanaí a bhfuil riochtaí ainsealacha sláinte orthu is mó atá i mbaol deacrachtaí tromchúiseacha fliú.



**Oifig Náisiúnta Imdhíonta**

Aonaid 8/9 Páirc Gnó Shráid an  
Mhainéir, Sráid an Mhainéir,  
Baile Átha Cliath 7

**HSE National Immunisation Office**

Unit 8/9 Manor St Business Park,  
Manor St,  
Dublin 7

**[www.immunisation.ie](http://www.immunisation.ie)**

t 01 8676108  
e [immunisation@hse.ie](mailto:immunisation@hse.ie)

Iompraíonn páistí an víreas fliú ina gcóras níos faide ná mar a dhéanann daoine fásta. Is féidir leo an víreas fliú a scaipeadh go héasca ar pháistí eile, cosúil leo siúd in ionaid chúraim lae agus i scoileanna, agus ar dhaoine níos sine agus leochaileacha timpeall orthu. Tabharfaidh an vacsaín fliú an chosaint is fearr do pháistí ar an bhfliú.

Dá bhrí sin, táimid ag moladh do thuismitheoirí leas a bhaint as an deis seo a bpáistí a vacsaíniú in aghaidh an fhliú de réir mar a leanann an fliú ag scaipeadh agus is dócha go leanfaidh sé ar aghaidh ag scaipeadh tuilleadh ar feadh roinnt seachtainí.

Faigh tuilleadh eolais faoin vacsaín fliú sróine saor in aisce do pháistí ag [hse.ie/flu](http://hse.ie/flu).